

Ag tomhas

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	a An foghlaimeoir	b An foghlaimeoir	c An foghlaimeoir	d An foghlaimeoir	e An foghlaimeoir	f An foghlaimeoir	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Gnéithe	Ag tomhas										
Tuiscint agus Ceangal	<p>Láimhseálann sé agus fiosraíonn sé gnáthreada agus gnáthrudáí.</p> <p>Freastalaíonn sé ar ghníomhaíochtaí ina ndéantar comparáidí díreacha idir réada.</p> <p>Ceanglaíonn sé comhaireamh shuim na réad i dtacar le tomhas ar mhéid an tacair.</p>	<p>Déanann sé comparáidí díreacha idir réada, soithí nó dromchlaí chun na tréithe intomhaiste a chur i gcomparáid agus chun tuiscint orthu siúd a fhorbairt.</p> <p>Fiosraíonn sé an tslí a gcuidíonn tomhais linn ciall a bhaint as an saol.</p> <p>Aithníonn sé gur gcaithfidh tomhais a bheith cóir chun go mbeidís cruinn.</p>	<p>Fiosraíonn sé agus sainaithníonn sé na tréithe dhifriúla (Mar shampla: Fad: gairid/fada;</p> <p>Meáchan: trom/éadrom;</p> <p>Toilleadh: lán/folamh) a bhaineann le réad amháin ar féidir tomhas a dhéanamh air.</p> <p>Cuireann sé réada i gcomparáid lena chéile agus cuireann sé in ord iad de réir a bhfaid;</p> <p>Soithí agus toirt de réir toillte; Dromchlaí agus cruthanna de réir achair.</p>	<p>Aithníonn sé go gcabhraíonn cáiliú tomhais linn cur síos agus comparáid níos cruinne a dhéanamh.</p> <p>Fiosraíonn sé na caomhnuithe faid, meáchain, toillte agus achair trí ghníomhaíochtaí praiticiúla.</p>	<p>Sainaithníonn sé coitinn agus dhifriochtaí idir thréithe intomhaiste agus aithníonn sé an gá atá le haonaid tomhais chaighdeánacha.</p> <p>Sainaithníonn sé na huirlisí agus na haonaid tomhais oiriúnacha le haghaidh cás áirithe.</p>	<p>Aithníonn sé bunaonaid i gcomhair faid [méadar], meáchain [cileagram], toillte [lítear] agus achair [méadar cearnach].</p> <p>Cuireann sé tomhais réad i gcomparáid trí úsáid a bhaint as an mbunaonad céanna (Mar shampla: faid réad a chur i gcomparáid i gcoibhneas le bata méadair).</p>	<p>Fiosraíonn sé an gaol idir na haonaid mhéadracha a bhaineann le tréith (Mar shampla: an gaol idir ceintiméadair agus méadair).</p> <p>Tiontaíonn sé idir aonaid tomhais chomhionanna.</p> <p>Fiosraíonn sé conas scála simplí a léamh agus conas gnáthuirilísí tomhais a úsáid.</p>	<p>Baineann sé úsáid as tuiscint ar bhonn a deich [íolraigh de deich] chun bogadh go solúbtha idir aonaid tomhais.</p> <p>Athainmníonn sé tomhais ag baint úsáid as aonaid chomhionanna.</p> <p>Suimíonn agus dealaíonn sé aonaid tomhais chun an dhifríocht idir na cainníochtaí a chinneadh.</p> <p>Déanann sé scrúdú ar imlíne agus ar achar na gcruthanna astu féin; aithníonn sé gur tréithe éagsúla iad fad/leithead agus achar agus go dteastaíonn aonaid dhifriúla tomhais uathu.</p> <p>Fiosraíonn sé, déanann sé meas agus ansin déanann sé tomhais ar imlíne agus ar achar gnáthchruthanna 2T.</p>	<p>Ceanglaíonn sé léirithe deachúlacha leis an gcóras méadrach.</p> <p>Tiontaíonn sé idir agus athainmníonn sé tomhais agus úsáid á baint aige as aonaid chomhionanna a bhfuil baint ag codáin agus deachúlacha leo.</p> <p>Fiosraíonn sé, déanann sé meas agus déanann sé tomhais ar imlíne agus ar achar gnáthchruthanna agus cruthanna neamhrialta 2T.</p> <p>Cuireann sé an caidreamh idir réimíreanna meadracha i bhfeidhm ar bhealaí cosúla le haghaidh aonaid tomhais dhifriúla.</p> <p>Úsáideann sé eangacha cruthanna 3T chun an t-achar dromchla a fhiosrú.</p> <p>Fiosraíonn sé éagsúlacht na n-ímlínte féideartha do dhronuilleogaí d'achar leanúnach.</p> <p>Fiosraíonn sé na féidearthachtaí le haghaidh achair má fhanann an imlíne mar a chéile.</p>	<p>Cuireann sé aonaid tomhais mhéadracha i gcomparáid i bhfoirm chodáin agus dheachúlach agus cuireann sé in ord iad.</p> <p>Cinneann sé na gnéithe ábhartha agus ríomhann sé achar dromchla cruthanna 3T oiriúnacha.</p> <p>Cinneann sé na gnéithe ábhartha agus ríomhann sé toirteanna cruthanna 3T oiriúnacha.</p> <p>Ceanglaíonn sé toirt agus toilleadh agus a n-aonaid tomhais.</p> <p>Baineann sé úsáid as eolas maidir le tréithe atá ann cheana le tomhais tréithe nach bhfuil ar eolas a aimsiú.</p>	<p>Cinneann sé na gnéithe ábhartha agus aimsíonn sé an imlíne agus an t-achar atá ag ciorcail agus ag cruthanna cumaisc.</p> <p>Faigheann sé toirt priosmaí amach, lena n-áirítear sorcóirí.</p> <p>Ríomhann sé toirt na réad 3T (Mar shampla: priosmaí, pírimídí, cóin agus sféir), ach úsáid a bhaint as foirmli.</p>

	a	b	c	d	e	f	g	h	i	j	k
	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir	An foghlaimeoir
Gnéithe	Ag tomhas										
Cumarsáid	Léiríonn sé feasacht ar thréithe intomhaiste gnáthréad agus gnáthrudáí.	Baineann sé úsáid as foclóir oiriúnach chun cur síos a dhéanamh agus ansin chun tréithe intomhaiste a chur i gcomparáid. Éisteann sé le raon scéalta agus rímeanna a bhaineann le coincheapa tomhais agus freagraíonn sé dóibh.	Déanann sé cur síos ar réada agus déanann sé idirdhealú eatarthu trí theanga chomparáide oiriúnach a úsáid. Déanann sé taifead neamhfhoirmiúil ar chomparáidí agus ar ghníomhaíochtaí tomhais.	Coinníonn sé taifead de mheastacháin agus glacann sé tomhais go coinceiteach, i bhfoirm pictiúr agus ó bhéal.	Aithníonn sé gur féidir le haonaid tomhais cumarsáid maidir le tomhais a dhéanamh níos simplí. Baillíonn sé agus déanann sé taifead ar shonraí tomhais i slite córasacha (Mar shampla: trí úsáid a bhaint as liostaí, táblaí etc.) agus déanann sé comparáid ar na torthaí.	Pléann sé agus coinníonn sé taifead de mheastacháin agus de thomhais trí úsáid a bhaint as bunaonaid agus as siombailí. Déanann sé ráitis nó breithiúnais chomparáideacha.	Baineann sé úsáid ag teanga an tomhais mhéadraigh chun cur síos a dhéanamh ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir tréithe réad. Sloinneann sé tomhais in aonaid mhéadracha oiriúnacha.	Léiríonn sé aonaid tomhais chomhionanna ar bhealaí éagsúla.	Déanann sé iniúchadh ar thomhais, cuireann sé in iúl iad agus léiríonn sé iad trí úsáid a bhaint as cuir i láthair atá oiriúnach agus éifeachtach. Coinníonn sé taifead d'úsáid na n-aonaid tomhais oiriúnach de réir an leibhéil chruinnis a theastaíonn.	Baineann sé úsáid as an teicneolaíocht chun tomhais a ionchur agus a léiriú le haghaidh réimse feidhmeanna éagsúla. Tógann sé macasamhail agus struchtúir bunaithe ar thomhais a thugtar dó.	Ionchuireann sé tomhais oiriúnacha isteach i gcláir ríomhaireachta ar mhaithe le hionsamhlú agus samhltú a ghiniúint.
Réasúnaíocht	Fiosraíonn agus/nó déanann sé iniúchadh ar thréithe intomhaiste.	Tuarann sé an chomparáid a bheith idir thréithe intomhaiste réada.	Aithníonn sé go n-úsáidtear tréithe difriúla chun réada a chur i gcomparáid agus a chur in ord, d'fhéadfadh an t-ord a bheith difriúil. Fiosraíonn sé agus míníonn sé cásanna dá leithéid	Aithníonn sé an gá atá le haonaid chun fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas. Déanann sé meastacháin uimhriúla ar thomhais bunaithe ar aonaid atá infheicthe nó inlámhsithe.	Míníonn sé agus cosnaíonn sé an riachtanas úsáid a bhaint as an aonaid céanna agus dhá rud á gcur i gcomparáid. Déanann sé meas ar réasúntacht meastacháin agus tomhais agus é ag tagairt do thomhais a rinneadh cheana agus do thagarmharcanna pearsanta.	Déanann sé meastacháin agus úsáid á bhaint aige as bunaonaid le cruinneas méadaitheach. Déanann sé meastóireacht ar réasúntacht tomhais agus é ag tagairt do mheastacháin agus do thagarmharcanna pearsanta.	Míníonn sé agus cosnaíonn sé an rogha aonaid tomhais ar leith a úsáideadh chun rudaí a thomhas agus/nó comparáid a dhéanamh orthu. Déanann sé meastacháin réasúnta agus úsáid á baint aige as aonaid tomhais oiriúnacha. Míníonn sé agus cosnaíonn sé an rogha uirlis tomhais i gcás áirithe, ag brath ar an leibhéal cruinnis a bhíonn de dhíth.	Cosnaíonn sé aonaid tomhais airithe a úsáideadh chun tréithe a mhíniú. Cuireann sé aonaid neamhionanna tomhais i gcomparáid agus cuireann sé in ord iad. Cinneann sé foirmle le haghaidh tomhais óna thaithí le tascanna tomhais praiticiúla [Mar shampla: LxB=A]	Baineann sé úsáid as aonaid tomhais níos lú san áit gur gá tomhais níos cruinne a dhéanamh. Tuigeann sé nuair nach gcabhraíonn tomhais níos cruinne le fadhb a réiteach. Tástálann sé agus déanann sé meastóireacht ar réasúntacht tomhais agus áirimh uimhriúla thomhas.	Cosnaíonn sé méid an aonaid a roghnaíodh agus tomhais á ríomh nó fadhbanna a bhaineann le tomhais á réiteach.	Cinneann sé foirmle agus baineann sé úsáid astu chun imlínte agus achair polagán agus toirt phriosmaí a aimsiú. Cosnaíonn sé an fhoirmle a úsáideadh i gcásanna dá leithéid.

	a An foghlaimoír	b An foghlaimoír	c An foghlaimoír	d An foghlaimoír	e An foghlaimoír	f An foghlaimoír	g An foghlaimoír	h An foghlaimoír	i An foghlaimoír	j An foghlaimoír	k An foghlaimoír
Gnéithe	Ag tomhas										
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	Téann sé i ngleic le raon gníomhaíochtaí foghlama ón bhfíorshaol a bhaineann le tréithe intomhaiste.	Fiosraíonn sé ábhair éagsúla a úsáideadh chun tréithe faid, meáchain, toillte agus achair a chur i gcomparáid. Roghnaíonn sé réad ó ghrúpa réada ar chúis bunaithe ar thréith ar leith.	Fiosraíonn sé nósanna imeachta an tomhais trí chomparáidí díreacha a dhéanamh ar thomhais i gcomhthéacsanna bríocha. Cuireann sé réada, soithí agus dromchlaí i gcomparáid de réir tréithe intomhaiste oiriúnacha agus cuireann sé in ord iad. Roghnaíonn sé agus úsáideann sé ábhair oiriúnacha le comparáid a dhéanamh.	Roghnaíonn sé agus úsáideann sé ábhair oiriúnacha chun comparáidí cothroma a mholadh agus a mheas. Déanann sé meastachán ar thréithe raon réad agus tomhaiseann sé iad trí úsáid a bhaint as aonaid tomhais oiriúnacha i gcomhthéacsanna feidhmiúla nó réitigh fadhbanna. Baineann sé úsáid as athúsáid aonaid ar chomh-mhéid chun garmheastachán a dhéanamh ar thomhais.	Sainnithníonn sé an tréith oiriúnach le tomhais a dhéanamh air i gcás faidhbe a thugtar dó. Roghnaíonn sé agus úsáideann sé nósanna imeachta, tomhais agus trealamh atá oiriúnach chun tréithe faid, meáchain, toillte agus achair a thomhas.	Baineann sé úsáid as bunaonaid agus uirlisí oiriúnacha chun tascanna praiticiúla saibhre agus fadhbanna a bhaineann le tomhais a réiteach. Ceapann sé straitéisí chun tréithe réimse leathan réada a thomhas.	Roghnaíonn sé agus baineann sé úsáid as aonaid tomhais ar mhéideanna oiriúnacha chun tascanna praiticiúla a réiteach. Déanann sé tomhais ar mhaithe le cruinneas níos mó trí mheadarachtaí níos lú [codánacha] de na bunaonaid a úsáid. Leann sé agus léirmhíneann sé uirlisí le cruinneas a bhfuil feabhas ag teacht air.	Ceapann sé straitéisí chun tomhais a ríomh nuair is gá (Mar shampla: tomhais a shuimiú nó a dhealú). Déanann sé tomhais agus coinníonn sé taifead le cruinneas agus beachtas a bhfuil feabhas ag teacht air.	Baineann sé úsáid as tomhas réada chun a fháil amach an bhfuil sé oiriúnach le haghaidh feidhm ar leith (Mar shampla - An rachaidh sé isteach ann? Cé acu is fearr a thabharfaidh luach ar airgead duit?). Ríomhann sé tomhais le cruinneas a bhfuil feabhas ag teacht air i gcomhthéacsanna feidhmiúla.	Réitíonn sé fadhbanna agus tascanna praiticiúla a bhaineann le tomhais níos mó ná tréith amháin. Cuireann sé foirmlí i bhfeidhm ar bhealach bríoch chun fadhbanna a réiteach go héifeachtúil.	Réitíonn sé fadhbanna, a bhfuil méadú ag teacht ar a gcastacht, a bhaineann le léirmhíniú, ríomh agus cur i láthair na dtomhas. Cuireann sé feabhas ar chinnteoireacht ar mhaithe le fadhbanna a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla.